2022.M57T

2022L033A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

Déardaoin 16 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:30

300 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d’fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D’fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Treoracha**

Scríobh do scrúduimhir agus Lá agus Mí do bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa Fhreagarleabhar seo.
Déanfar an Freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá trí roinn sa scrúdú seo. Tugtar ceisteanna **Roinn 2** agus **Roinn 3** i gceistpháipéar ar leithligh ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A)** **Ceithre** cheist as **Roinn 1 agus**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Fheidhmeach i Roinn 2 agus**

**(C)** **Trí** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1,**

Ceist **amháin** as **Cuid 2,**

agus ceist **Amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2.**

**Tá gach ceist ar cómharc sa roinn seo.**

**Déanamh agus Múnla an áireamhháin a úsáideadh:**

| |
|---|
| |

| Roinn 1 | Ceisteanna Gearrfhreagra | 40 marc |
|---|---|---|

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ceithre gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Is liosta de théarmaí gnó atá **i gColún 1**.
Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin atá **i gColún 2**.
(*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí sin*.)

| Colún 1: Téarmaí | Colún 2: Míniúcháin |
|---|---|
| **1.** Olltáirgeacht Intíre | **A** Laghdú ar an éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí i ngeilleagar ar dhá cheathrú choisce. |
| **2.** Cúlú Eacnamaíoch | **B** Praghas airgeadra amháin á léiriú i dtéarmaí airgeadra eile. |
| **3.** Ráta Úis | **C** Ráta céatadánach leanúnach an ardaithe ar phraghas earraí agus seirbhísí i ngeilleagar ó thréimhse amháin go tréimhse eile. |
| **4.** Ráta Malairte | **D** An costas a bhaineann le hiasacht a fháil ó institiúid airgeadais. |
| **5.** Ráta Dífhostaíochta | **E** Tomhaiseann luach na n-earraí agus na seirbhísí a tháirgtear i dtír. |
| | **F** Céatadán na ndaoine atá as obair ach atá go gníomhach ag lorg fostaíochta. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**2.** I gcomhthéacs cúrsaí gnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.)
Scríobh gach freagra sa spás cuí.

| | |
|---|---|
| **EDT (*WTO*)** | |
| **AEA (*EMU*)** | |
| **GFT (*IDA*)** | |
| **IDE (*FDI*)** | |
| **CBT (*CAP*)** | |

**3.** **(a)** Mínigh an téarma Saolré Táirge.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh a d'fhéadfadh cuideachtaí amhail Coca Cola a úsáid chun cur le Saolré Táirge.



| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |

**4.** Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart i ngach** ceann de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Chreid **Maslow / McGregor** a luaithe agus a shásaítear riachtanas amháin go dtagann an riachtanas atá díreach os a chionn chun cinn san ordlathas mar an t-inspreagthóir ceannasach.

**(ii)** Creideann bainisteoirí **Theoiric X / Theoiric Y** go n-oibríonn oibrithe go crua agus go bhfuil siad féinspreagtha.

**(iii)** Sásaíonn cairdeas san ionad oibre riachtanais **shóisialta / sábháilteachta**.

**(iv)** Bíonn an ráta athraithe foirne **ard / íseal** má bhíonn muinín ag bainisteoirí as a gcuid fostaithe agus má bhíonn meas acu orthu.

**(v)** Sásaíonn obair dhúshlánach riachtanais **fiseolaíochta / féin-achtála**.

**5.** Dréachtaigh ríomhphost ó Mhaidhc Ó hAnnáin, Bainisteoir Díolacháin, chuig an bhfoireann go léir ag superstores.ie ina dtugtar breac-chuntas ar **dhá** cheart atá ag custaiméirí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

| | |
|---|---|
| **Faighteoirí:** | |
| **Ábhar:** | |
| | |

**6.** Tá an ráta boilscithe in Éirinn ag ardú go mór faoi láthair toisc go bhfuil géarú ar chostas fuinnimh, iompair agus tithíochta de bharr éilimh nár sásaíodh agus de bharr bac i slabhra an tsoláthair.

Curtha in oiriúint ó The Irish Times

Mínigh conas a oibríonn Praghasinnéacs Tomhaltóirí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**7.** Scríobh **Fíor** nó **Bréagach** i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas.

| | Ráiteas | Fíor nó Bréagach |
|---|---|---|
| **1.** | Tá an cisteoir freagrach as miontuairiscí cruinnithe a ghlacadh. | |
| **2.** | Míbhuntáiste a bhaineann le cruinnithe ná go mbíonn deis iontu don soiléiriú agus don aiseolas. | |
| **3.** | Caithfear cruinniú ginearálta urghnách de na scairshealbhóirí a thionól gach bliain. | |
| **4.** | Is ag barr chlár an chruinnithe a chuirtear AGE (*AOB i mBéarla*) de ghnáth. | |
| **5.** | Is é atá i gceist le córam an líon ball/scairshealbhóirí nach mór a bheith i láthair sular féidir cruinniú a bheith ann. | |

**8.** **(i)** Mínigh an téarma cosantas.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá bheart cosantais a úsáideann rialtais/bloic thrádála.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |

**9.** Tá an t-eolas seo a leanas curtha ar fáil ag Pléimeann Teo.

- Aschur Réamhaisnéisithe (Díolacháin) 75,000 aonad
- Costais Sheasta €55,000
- Praghas díola, €6 an t-aonad
- Costais athraitheacha, €2.50 an t-aonad

Agus tú baint úsáid as an eolas atá ar fáil thuas, ríomh é seo a leanas:

| | | **Do Chuid Oibre** | **Freagra** |
|---|---|---|---|
| **(a)** | Ioncam Iomlán ag an aschur réamhaisnéisithe | | **€** |
| **(b)** | Costais Táirgthe Iomlána ag an aschur réamhaisnéisithe | | **€** |
| **(c)** | Brabús ag an aschur réamhaisnéisithe | | **€** |
| **(d)** | An pointe meá ar mheá (PMM) ina aonaid (Ní gá cairt mheá ar mheá a tharraingt) | | **Aonaid** |

**10.** Déan idirdhealú idir iompórtálacha sofheicthe **agus** ionadú iompórtálacha.
Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.

**11.** Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach chun drochfhiacha gnólachta a íoslaghdú.

| **(i)** |
|---|
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |

**12.** Thosaigh Kellie Ní Mhurchú i bpost nua. Chláraigh sí a cuid sonraí ar an suíomh gréasáin atá ag na Coimisinéirí Ioncaim. Ríomh an méid **ÍMAT** a íocfaidh Kellie Ní Mhurchú in aghaidh na bliana. **Taispeáin do chuid oibre**.

mo**Chúrsaí**

Tá tuarastal €42,600 ag Kellie.
Déanfar ÍMAT a ríomh mar 20% ar an gcéad €36,800 agus 40% ar an bhfuílleach.
Tá na creidmheasanna cánach seo a leanas ag Kellie:
Creidmheas cánach pearsanta €1,700, Creidmheas cánach fostaí €1,700.


| **Taispeáin do chuid oibre:** ÍMAT | **Taispeáin do chuid oibre:** Creidmheasanna Cánach |
|---|---|
| | |

| **Ainm: Kellie Ní Mhurchú** | | **€** | **€** |
|---|---|---|---|
| Pá Comhlán | | | **42,600** |
| **Asbhaintí** | | | |
| ÍMAT | | | |
| | | | |
| Creidmheasanna cánach | | | |
| | | | |
| ÍMAT Dlite | | | |

# Freagarleabhar do Roinn 2 agus Roinn 3

## Treoracha

Tá na Ceisteanna do **Roinn 2** agus **Roinn 3** ar fáil i gceistpháipéar ar leith.
Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ag barr gach leathanaigh.
Úsáid an colún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, faoi mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach de ghrafpháipéar sa Fhreagarleabhair seo. Ar leathanaigh an ghrafpháipéir, is i mbun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir a úsáid sa fhreagarleabhar seo. Má bhíonn easpa spáis ort sa fhreagarleabhar seo, tá cead agat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Níl cead agat peann luaidhe a úsáid ach amháin do sceitsí, do ghraif agus do léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 16 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:30

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Gnó – Ardleibhéal

## Roinn 2 agus Roinn 3

Déardaoin 16 Meitheamh – Maidin 9:30 - 12:30

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**

**An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i Roinn 2 AGUS**

**Trí** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

Agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.

**Tá na ceisteanna go léir i Roinn 3 ar cómharc**.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

| Roinn 2 | Ceist ar an nGnó Fheidhmeach | 80 marc |
|---|---|---|

**Ceist éigeantach í seo, tá 80 marc ag gabháil léi agus í bunaithe ar na hAonaid 4, 5 agus 6.**

Scríobh do fhreagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

## Píotsa Mhaidhc



Ba shiúinéir é Maidhc Ó Riain a chuaigh faoi athoiliúint mar chócaire. In 2012, chuaigh sé lena phaisean don phíotsa agus bhunaigh 'Píotsa Mhaidhc' mar a bhfuil Píotsa Tine Adhmaid Napoileach á dhíol aige. D'fhás Maidhc a ghnó de réir a chéile. Tá sé tar éis an gnó a leathnú agus dhá bhialann nua a oscailt i gCorcaigh agus i bPort Láirge. In 2020, b'éigean an gnó a dhúnadh mar chuid de shrianta Covid 19. Nuair a ceadaíodh don ghnó athoscailt, bhí orthu a samhail seirbhíse a athrú. Rinne Maidhc infheistíocht i gcóras ordaithe ar líne a lig do thomhaltóirí ordú a chur isteach agus áirithintí a dhéanamh ar a bhfóin chliste. Cuireadh oiliúint ar na fostaithe sna córais nua, i rianú teagmhálaithe agus sna treoirlínte nua sláinte agus sábháilteachta. Bhí imní ar na fostaithe faoi na hathruithe nua i dtús ama, agus tuirseach díobh. Chuaigh an bhainistíocht i muinín a gcuid fostaithe ansin chun cuidiú a fháil le cruth a chur ar na hathruithe. Ag cruinniú, mhol na fostaithe an biachlár a laghdú agus haistí nua do bhia 'beir leat' a chruthú san ionad gnó. Mhol cócaire i mbialann Phort Láirge gur cheart dóibh trucail bhia a fháil do mhargaí áitiúla. Bunaíodh foireann bheag chun oibriú ar an tionscadal sin.

D'éirigh thar barr leis an trucail bhia, agus bhí corrlach iontach ó shamhail ghnó an 'beir leat'. De réir mar a d'fhás an tóir ar chultúr bia sráide agus itheacháin neamhfhoirmiúil in Éirinn, chinn Maidhc ar an ngnólacht agus an branda a fhorbairt tuilleadh trí shaincheadú. Reáchtáil sé próiseas dian grinnfhiosrúcháin. Roghnaigh sé beirt saincheadúnaithe chun bialanna nua a oscailt i nGaillimh agus i gCill Dara faoi shamhail ghnó an tsaincheadúnais. Lorgaíodh comhairle dlí lena chinntiú go raibh na nósanna imeachta, na rialacháin, na táillí agus cúrsaí brabúis soiléir ina chomhaontú saincheadúnais.

Tá sé an-tábhachtach do Mhaidhc luachanna 'Phíotsa Mhaidhc' a choinneáil agus ag an am céanna fás an ghnó a bhainistiú. Creideann sé gur cheart caitheamh go cóir le daoine. Bhí ganntanas foirne ag cur as do mhórán dá chuid iomaitheoirí, ach tharraing 'Píotsa Mhaidhc' chucu foireann oibrithe atá dílis agus díograiseach, agus choinnigh siad. Chuir Maidhc béim freisin ar amhábhair orgánacha ar ardchaighdeán a aimsiú. Déanann se iarracht i gcónaí a chuid comhábhar a fháil ó tháirgeoirí inbhuanaithe. Tá páirt an-tábhachtach i maoiniú an leathnaithe ag an gcaidreamh a dhéanann sé le daoine. Coinníonn Maidhc i dteagmháil lena chuid infheisteoirí go hoscailte agus go rialta. Reáchtálann sé comórtais ar na meáin shóisialta freisin chun luach saothair a thabhairt dá chustaiméirí a chuireann in iúl gur maith leo an t-ábhar a phostálann sé, agus a roinneann é.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na straitéisí éagsúla is féidir a úsáid chun athruithe a bhainistiú. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra. (30)

**(B)** Déan measúnú ar an **dá** mhodh leathnaithe ar bhain Píotsa Mhaidhc leas astu. (20)

**(C)** **(i)** Pléigh na freagrachtaí sóisialta atá ar Phíotsa Mhaidhc i leith a chuid páirtithe leasmhara.

**(ii)** Déan anailís ar impleacht **amháin** do Mhaidhc a bhaineann leis an ngnólacht a bheith ag comhlíonadh a fhreagrachtaí sóisialta. (30)

## Roinn 3 — 180 marc

Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair **Trí** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**,

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.

**Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.**

## Cuid 1
## Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

**Ceist 1** — **Daoine sa Ghnó**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Thug ceardchumainn na seirbhísí poiblí atá comhcheangailte le Comhdháil na gCeardchumann tacaíocht an-láidir do chomhaontú nua na seirbhíse poiblí.
>
> Curtha in oiriúint ó Independent.ie

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma ceardchumann.

**(ii)** Léirigh an tionchar a bhíonn ag díospóidí trádála ar **thrí** cinn ar bith de na páirtithe leasmhara. (20)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar na modhanna neamhreachtacha atá ann chun díospóidí maidir le caidreamh tionsclaíoch a réiteach. (15)

**(C)** **(i)** Sainmhínigh an téarma idirdhealú faoi mar a leagtar amach é san Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015.

**(ii)** Déan liosta de **chúig** fhoras ar a bhfuil an t-idirdhealú toirmiscthe faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le cásanna idirdhealaithe a réiteach a réiteach. (25)

| **Ceist 2** | **An Timpeallacht Intíre** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

BREÁ

**Breá**

Is ceardaí seacláide as Éirinn í Anna Coffey Lynch. Thosaigh sí a gnólacht féin, Seacláidí Breá, i lár phaindéim Covid 19.



Curtha in oiriúint ó properfood.ie

**(A)** Déan **ceann** de na cineálacha cuideachtaí teoranta seo a leanas a mheasúnú mar rogha úinéireachta gnó.

**(i)** Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (Cuideachta TEO.).

**nó**

**(ii)** Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (*DAC i mBéarla*). (20)

**(B)** Pléigh an bealach a bhféadfadh Rialtas na hÉireann timpeallacht dhearfach a chruthú do ghnólachtaí amhail Seacláidí Breá. Úsáid samplaí chun do fhreagra a léiriú. (20)

**(C)** **(i)** Idirdhealaigh idir an earnáil phríomha **agus** an earnáil threasach sa gheilleagar.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na treochtaí reatha a bhfuil tionchar acu ar ghnólachtaí san earnáil threasach i ngeilleagar na hÉireann. (20)

**Ceist 3** | **An Timpeallacht idirnáisiúnta**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Is í Fiontraíocht Éireann an eagraíocht rialtais atá freagrach as fiontair Éireannacha a fhorbairt agus a fhás sna margaí domhanda. Oibríonn sí i gcomhar le fiontair Éireannacha chun cabhrú leo tosú, fás, nuáil agus díolacháin easpórtála a bhaint amach sna margaí domhanda.

FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Curtha in oiriúint ó enterpriseireland.ie

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na dúshláin maidir le margaíocht dhomhanda a d'fhéadfadh a bheith roimh ghnólacht Éireannach agus é ag trádáil go hidirnáisiúnta. (20)

**(B)** **(i)** Léirigh, agus sampla á úsáid agat, an tuiscint atá agat ar an téarma gnólacht dúchasach.

**(ii)** Pléigh na buntáistí do ghnólachtaí móra dúchasacha a bhaineann leis an easpórtáil go dtí margaí nua. (20)

Ar 1 Eanáir 2023 beidh 50 bliain ann ó ghlac Éire ballraíocht sa CEE (ar a dtugtar an tAontas Eorpach anois).

**(C)** Déan cur síos ar ról an Choimisiúin Eorpaigh **agus** Pharlaimint na hEorpa i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh. (20)

| **Ceist 4** | **Daoine sa Ghnó** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

| |
|---|
| Rinneadh dlí in Éirinn de Threoir an AE maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha tríd an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. Faoin Acht, tá toirmeasc ar réimse de chleachtais tráchtála atá éagórach, míthreorach agus ionsaitheach. |

**(A)** Mínigh forálacha an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, agus bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:

1. Rialacháin maidir le taispeáint praghsanna.
2. Eolas míthreorach, bréagach nó míchruinn a sholáthar.
3. Forfheidhmiú an achta. (20)

| |
|---|
| Tugtar cosaint do thomhaltóirí agus iad ag déileáil le **miondíoltóirí** agus ag úsáid **seirbhísí poiblí.** |

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar ról Oifig an Ombudsman.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** ghné de Nós Imeachta na nÉileamh Beag / Cúirt na nÉileamh Beag. (20)

| |
|---|
| Tarlaíonn sárú conartha nuair nach gcomhallann/gcomhlíonann páirtí amháin i gconradh atá ina cheangal dlí a chuid féin den chonradh dlíthiúil. |

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** leigheas atá ar Shárú Conartha. (20)

# Cuid 2
# Fiontraíocht

**Ceist 5** **Fiontraíocht / Bainistíocht**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



**Gluaisteáin M6**

Is fiontraí é Alan Ó Neachtain a bhunaigh Gluaisteáin M6 in 2011. Anois tá an gnólacht ar cheann de na cuideachtaí is mó le rá in Éirinn maidir le foinsiú gluaisteán. De réir mar a d'fhás an gnólacht, mhéadaigh Alan a fhoireann oibre. Déanann an chuideachta sainchúram de ghluaisteáin ardsonraíochta ar phraghsanna iomaíocha.

**(A)** Déan measúnú ar **dhá** stíl cheannaireachta a bhféadfadh an bainisteoir gnó i nGluaisteáin M6 glacadh leo, agus tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

**(B)** Pléigh an bealach a mbaineann rialú stoic agus rialú cáilíochta bearta éifeachtúlachta amach do ghnólacht ar nós Gluaisteáin M6. (20)

**(C)** **(i)** Mínigh an téarma infhiontraíocht.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhodh a d'fhéadfadh gnó a úsáid chun infhiontraíocht a spreagadh. (20)

| **Ceist 6** | **Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Mar thoradh ar an líon fostaithe atá i mbun cianoibre ón mbaile anois tá athrú ó bhonn tagtha ar an oifig thraidisiúnta. Tá ról Bhainisteoir na nAcmhainní Daonna (AD) níos tábhachtaí anois ná riamh.



**(A)** **(i)** Pléigh **trí** fheidhm ar bith atá ag Bainisteoir na nAcmhainní Daonna i ngnólacht.

**(ii)** Déan anailís ar an tionchar atá ag an gcianobair ar cheann **amháin** d'fheidhmeanna Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna. (20)

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma bainistíocht riosca.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na bealaí éagsúla a bhféadfadh gnólacht rioscaí a íoslaghdú. (20)

**(C)** Déan comparáid idir na difríochtaí agus na cosúlachtaí do ghnólachtaí agus do theaghlaigh maidir le cúrsaí cánach. Bain úsáid as **trí** cinn ar bith de na ceannlínte seo a leanas chun struchtúr a chur ar do fhreagra:

| | |
|---|---|
| Cáin Chorparáide | ÍMAT |
| Cáin Ghnóthachan Caipitiúil | Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) |

(20)

| Ceist 7 | Bainistíocht / Gnó i nGníomh |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Criú an Ghlantacháin**

Is cuideachta é Chriú an Ghlantacháin a dhéanann glantachán tithe agus tionsclaíochta agus atá lonnaithe i Loch Garman. Tá fás tagtha ar an éileamh ar a gcuid seirbhísí ar fud an oirdheiscirt. Táthar ag smaoineamh ar an gcuideachta a leathnú ar fud na hÉireann bunaithe ar thaighde a rinneadh. Tá an bhainistíocht ag meá gach rogha airgeadais chun an leathnú a mhaoiniú.



**(A)** Tógadh na figiúirí seo a leanas as cuntais deiridh Chriú an Ghlantacháin do 2021 and 2020.

| Criú an Ghlantacháin | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal Údaraithe | €750,000 | €750,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe | €460,000 | €300,000 |
| Iasacht Fhadtéarmach | €150,000 | €250,000 |
| Tuilleamh Coimeádta | €140,000 | €120,000 |

**(i)** Mínigh an téarma Cóimheas Fiachais/Cothromais**.**

**(ii)** Ríomh an Cóimheas Fiachais/Cothromais do 2021 agus do 2020.
Taispeáin do chuid oibre.

**(iii)** Déan trácht ar cé acu i bhfeabhas nó in olcas a chuaigh an Cóimheas Fiachais/Cothromais?

(25)

**(B)** Seachas an Cóimheas Fiachais/Cothromais pléigh na tosca ar cheart do ghnólacht iad a chur san áireamh nuair atá foinse airgeadais á roghnú. (20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le gnólachtaí a bheith i mbun taighde margaidh. (15)

**Ceist 8** **Gnó i nGníomh**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Cúram Béil faoin Spotsolas**
Arna Chruthú ag Fiaclóirí

In 2016, bhunaigh an Dr Lisa agus an Dr Vanessa Creaven, ar deirfiúracha agus fiaclóirí iad, agus an Dr Barry Buckley, fiaclóir eile, Cúram Béil faoin Spotsolas, cuideachta atá lonnaithe i nGaillimh. Tá réimse táirgí forbartha ag an gcuideachta do riachtanais chúraim béil ar leith atá ag tomhaltóirí. I measc na mbealaí dáileacháin atá acu tá díol ar líne agus úsáid a bhaint as miondíoltóirí san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

Curtha in oiriúint ó rte.ie

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma bealach dáileacháin.
**(ii)** Dréachtaigh léaráid de bhealach dáileacháin a d'fhéadfadh Cúram Béil faoin Spotsolas a úsáid.
**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht a bhaineann leis an mbealach dáileacháin sin a úsáid. (25)

**(B)** Faoi ghné an táirge den chumasc margaíochta, mínigh na tosca nach mór do ghnólacht a chur san áireamh nuair atá táirge nua **nó** táirge leasaithe á dhearadh. (15)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar **thrí** cinn ar bith de na cineálacha fógraíochta seo a leanas atá ar an liosta thíos.
Tabhair sampla i ngach cás chun tacú le do fhreagra.

1. Fógraíocht áititheach
2. Fógraíocht fhaisnéiseach
3. Fógraíocht chineálach
4. Fógraíocht iomaíoch. (20)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

An Ardteistiméireacht, 2022 – Ardleibhéal

# Gnó – Roinn 2 agus Roinn 3

Déardaoin, 16 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:30